Gaelscoil Phort Láirge

Polasaí Oideachais Chaidrimh agus Gnéasachta

Gaelscoil Port Láirge - Fealsúnacht Oideachais:

" Is í aidhm ghinearálta an oideachais ná gnéithe uile an duine aonair a chothú, ag cur na ngnéithe aestéitiúla, cruthaitheacha, criticiúla, cultúrtha, mothúchánacha, intleachtúla, morálta, fisiciúla, polaitiúla, sóisialta agus forbairt spioradálta don saol pearsanta teaghlaigh, don saol oibre, don saol sa phobal agus don fhóillíocht san áireamh."

Curaclam & Measúnacht i dTreo na Nua-Aoise.

Bíonn tionchar gníomhach ag Gaelscoil Phort Láirge ar ghnéithe uile fáis agus forbartha na ndaltaí a fhreastalaíonn uirthi. Baineann an tionchar úd le timpeallacht agus le hatmaisféar na scoile, lena curaclam agus lena hidirchaidreamh leis an bpobal. Is é cur chun cinn Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte a cuid daltaí, ceann de phríomhaidhmeanna Ghaelscoil Phort Láirge. Soláthraíonn an scoil deiseanna do dhaltaí scileanna bunúsacha pearsanta agus sóisialta a fhoghlaim, a chothaíonn ionracas, féinmhuinín agus féinmheas fad is a chomhchothaíonn sé íogaireacht maidir le cearta agus mothúcháin daoine eile. Tá tionchar ag atmaisféar Gaelscoil Phort Láirge ar chomhlíonadh na gcuspóirí úd do na daltaí ar fad, tríd a córas riaracháin agus a modhanna múinte, tríd an gcur chuige a chleachtaítear i leith daltaí le deacrachtaí pearsanta agus trí na luachanna spioradálta agus oideachasúla ar bhonn níos fairsinge a sheachadaíonn an scoil.

Tá cur chun cinn Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte na ndaltaí le linn a dtréimhse i nGaelscoil Phort Láirge mar chuid chomhtháite de pholasaí oideachasúil na scoile. Dá bharr sin, is sa chomhthéacs sin atá OSPS a bhfuil Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ionchollaithe ann, mar chuid de churaclam na scoile seo.

Réasúnaíocht as Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a chuimsiú i gcuraclam na scoile seo.

Aontaítear go forleathan i sochaí na tíre seo go bhfuil gá le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta sa chóras foirmiúil oideachais. Tá tacaíocht tugtha ag na heagrais eaglasta do chlár dearfach oideachasúil ar an ngnéasacht dhaonna laistigh de chomhthéacs creidimh agus moráltachta. Tá fógartha go poiblí ag grúpaí oideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ceardchumainn mhúinteoirí agus eagrais náisiúnta tuismitheoirí ina measc, go bhfuil géarghá le clár éifeachtach dea-bhunaithe OCG. Luann samplaí ó thaighde agus ó bhreathnóireacht choitianta, na pointí seo a leanas:

- Páistí ag aibiú níos luaithe
- Daoine óga a bheith gníomhach i ngníomhaíocht ghnéasach agus iad níos óige
- Na comhthéacsanna neamhfhoirmiúla agus gan stiúir, ina dtagann daoine óga ar eolas faoi ghnéasacht
- An claochló atá tagtha ar rólanna fear agus ban sa tsochaí
- Ceisteanna sláinte a bhaineann le cleachtas gnéis

- Feasacht daoine óga ar nósanna éagsúla chleachtas gnéis agus tionchair thraschultúrtha ag méadú trí thaisteal, tríd na meáin agus tríd an réabłóid chumarsáide
- Brú ar shaol an teaghlaigh

Sainmhíniú na scoile ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Baineann Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta le próiseas fadsaoil ag cnuasach eolais agus tuisceana agus ag cothú dearcthaí, creidiúintí agus luachanna maidir le feiniúlacht ghnéasachta, caidrimh agus dlúthchaidreamh. I dtacrú scoile is cuid bhunúsach é d'fhoráil ghinearálta oideachais a dhíríonn ar fhorbairt iomlán an duine a chur chun cinn agus a chomhtháthaíonn gnéasacht le tuiscint phearsanta, fás agus forbairt.

Aidhmeanna Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

1. Cur le forbairt phearsanta, féinmheas agus leas an pháiste

2. Cabhrú leis an bpáiste caidrimh agus cairdis shláintiúla a chothú

3. Tuiscint agus dearcadh sláintiúil maidir le gnéasacht dhaonna agus le caidrimh a chothú laistigh de fhráma tagartha atá morálta, spioradálta agus sóisialta

4. A chur ar chumas an pháiste tuiscint agus meas a bheith aige ar an ngrá daonna, ar chaidreamh collaí agus ar shíolrú

5. Iontas agus uamhan a fhorbairt agus a chur chun cinn sa pháiste maidir le breith agus le nuashaol

6. A chur ar chumas an pháiste a bheith compordach lena ghnéasacht phearsanta féin agus le gnéasacht dhaoine eile agus é ag fás aníos agus ag forbairt.

Bainistíocht agusEagrú Oideachas Caidrimh & Gnéasachta i Gaelscoil Phort Láirge

Tá an clár Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte mar chuid lárnach de churaclam na scoile. Is siollabas bíseach é an siollabas seo a leathnaítear gach bliain sa tslí ina dtéitear siar ar chuid de na príomhthopaicí, agus cíortar ansin iad ar bhonn níos doimhne, de réir mar a oireann d'aois agus do staid forbartha na ndaltaí. Beidh Caidrimh lárnach sa chlár seo agus pléifear le hOideachas Gnéasachta laistigh den chomhthéacs seo.

Beidh baint ag Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta le hábhair churaclaim éagsúla. Déanfaidh foireann Gaelscoil Phort Láirge gach iarracht an clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a sheachadadh ar mhodh iomlánaíoch, ach beidh gá áfach, go múinfí cuid den chlár as féin ar feadh tréimhse naoi seachtaine le linn ceann de na trí thréimhse, ar mhaithe le cúrsaí eagrúcháin, os rud é nach mbeidh páistí áirithe ag glacadh páirte sa chlár, de réir mar a chinn a dtuismitheoirí. Beidh an siollabas bunaithe ar an gClár

Gaelscoil Phort Láirge

"Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta "ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil gnéithe áirithe den siollabas íogarach, go háirithe cuid den siollabas atá dírithe ar Ranganna 5 & 6 agus go n-aithníonn bainistíocht Ghaelscoil Phort Láirge é seo. Ar an ábhar sin ní theastaíonn ó bhainistíocht Gaelscoil Phort Láirge brú d'aon saghas a chur ar na múinteoirí ranga a mbaineann sé leo, ábhar seo an chláir a mhúineadh, muna mbíonn siad ar a gcompord ina thaobh. Fostaíonn an scoil altra sláinte nó oibrí sláinte proifisiúnta eile chun ábhar an chláir a chur os comhair páistí Rang 6, gach bliain.

Beidh na modhanna múinte don mhodúl Caidrimh agus Gnéasachta bunaithe ar phrionsabail aitheanta teagaisc mar a úsáidtear in OSPS agus i gcodanna eile den churaclam. Beidh na modhanna úd in oiriúint d'aois agus do staid forbartha an pháiste. Agus an timpeallacht foghlama á cothú ag an múinteoir beidh sé/sí ar a d(h)ícheall chun atmaisféar a chothú a léiríonn meas ar phríobháideachas gach aon dalta agus a phléann le gach dalta aonair le híogaireacht agus le cúram. Braithfidh a dhoimhne agus a rachfar i ngleic leis an ábhar ar aibíocht intleachtúil agus mhothúchánach na leanaí. Glacfar mar sin le solúbthacht. Is é an múinteoir ranga is mó a shamhlófaí a bheadh freagrach as cur i bhfeidhm na gné scoilbhunaithe den chlár. Is féidir leis an múinteoir cuid den chur chuige seo a leanas nó é a úsáid ina iomláine, chun cur le cumas an pháiste páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas foghlama;

- Plé
- Rólimirt
- Ag cur agallaimh ar chairde nó ar dhaltaí scoile eile nó ar bhaill teaghlaigh
- .Suirbhéanna ar dhearcthaí
- Ag déanamh anailíse agus meastóireachta ar nuachtáin, ar cholúin chrá croí, ar theilifíseán
- A bheith mar aoi do chuairteoirí
- Tionscadail
- Ag dearadh fograí agus ag scríobh fortheideal
- Ag déanamh cur síos ar ghrianghraif
- Ag féachaint ar fhíseáin agus á bplé.

Téann gnéasacht i bhfeidhm ar chaidrimh agus ar chaighdeán idirchaidreamh sóisialta. Cuirfidh an cur chuige d'OCG an tuiscint sin ar ghnéasacht san áireamh agus an scoil ag plé le páistí le riachtanais speisialta. Soláthraíonn OCG deiseanna do gach páiste glacadh lena chéile agus dínit an duine daonna a aithint agus a chur chun cinn. Sa chás áfach go mbeadh deacrachtaí móra foghlama i gceist d'fhéadfaí athruithe a dhéanamh ar an gclár chun é a chur in oiriúint do chumas agus do rátaí éagsúla fáis fhisiciúil. Cuirfidh sé seo ar chumas an pháiste plé lena ghnéasacht atá ag teacht chun cinn ann féin agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis sin agus é ag fás agus ag forbairt
Agus foclóir cuí á shealbhú ag an bpáiste maidir le gnéasacht, fás aníos, athruithe fisiciúla, mothúcháin agus araile, tagann an páiste ar mheán inar féidir na ceisteanna úd a phlé. Bainfear leas as na téarmaí cuí chun cur síos a dhéanamh ar na baill bheatha agus as feidhmeanna na mball beatha sna blianta tosaigh chun stádas agus inghlacthacht a bhronnadh ar na téarmaí úd. Sa tslí sin laghdófar ar chúthail agus náire agus rachaidh na

leanaí i dtaithí ar an bhfoclóir agus ar bhrí na bhfocal úd. Tá sé fíorthábhachtach teanga atá inghlactha go sóisialta agus nach bhfuil débhríoch a bheith i réim in OCG toisc gur ábhar é atá tar éis a bheith i ngleic le míthuiscint, míshuaimhneas agus imní le fada an lá.

Ról na dTuismitheoirí

Is iad na tuismitheoirí na príomhoideachasóirí agus is é baile an pháiste an timpeallacht nádúrtha inar chóir don OCG tarlúint.

Tá ról na dtuismitheoirí sa bhaile fíorthábhachtach i dtimpeallacht foghlama an pháiste a mhúnlú trí dhearcadh dearfach i leith OCG a chur chun cinn, trí fhéinmhuinín a mhealladh agus a chothú agus trí theagasc díreach atá in oiriúint d'aois agus do riachtanais foghlama an pháiste. Tá ról ag an scoil tacaíocht a thabhairt agus cur le hobair an bhaile sa tasc seo. Is gnách go lorgaíonn tuismitheoirí tacaíocht ón scoil chun cabhrú leo sa ghné seo d'fhorbairt a bpáistí. Sa chás áfach nach mian le tuismitheoir, ar bhonn coinsiasa nó morálta go mbeadh cuimsiú á dhéanamh ar an gclár mar chuid den churaclam dá pháiste, thabharfaí aitheantas do chearta an tuismitheora sin agus d'fhreastalófaí air, tríd an bpáiste a fhagáil amach ón rang OCG. Sa chás sin dhéanfadh múinteoir eile feitheoireacht ar an bpáiste i seomra ranga eile.

Tacaíocht, Forbairt & Athbhreithniú

Is gá a thabhairt faoi deara nach tuairisc chríochnúil atá sa pholasaí seo; próiseas leanúnach a bheidh ann i gcónaí. Tá géarghá le hoiliúint.

Tugann Gaelscoil Phort Láirge tacaíocht d'fhorbairt chláir chun múinteoirí a chumasú chun an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna atá riachtanach chun an clár a mhúineadh a bhaint amach agus chun an próiseas comhairleach a bhainistiú le tuismitheoirí agus le daoine eile nach iad. Tacaítear le traenáil a chur ar thuismitheoirí agus ar chumainn tuismitheoirí chomh maith.
Cruthaíodh polasaí an OCG tar éis próisis chomhairligh i measc phobal na scoile. Tá comhoibriú agus dea-mhéin phobal uile na scoile riachtanach má tá rath chun a bheith ar an OCG i nGaelscoil Phort Láirge
Dhein Bord Bainistíochta na scoile athbhreithniú ar an bpolasaí seo i 2019. Déanfaidh Bord Bainistíochta Gaelscoil Phort Láirge athbhreithniú ar an bpolasaí seo le linn na bliana acadúla 2022/2023.

Síniú an Chathaoirligh : ____________ 26/2/2019.